# Cogar mé seo leat arís!

## Bailiúchán d'Agallaimh Bheirte



Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

Séideán Sí

# Cogar mé seo leat arís!

## Bailiúchán d’Agallaimh Bheirte

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc
na Gaeilge a thiomsaigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2008

ISBN 978-1-85791-733-8

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Ray Mac Mánais, Seán Ó Muimhneacháin agus Traolach Ó Conghaile a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Dómhnal Ó Bric, Martin Fagan agus Cartoon Saloon.

Muintir Chathail Teo a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services,
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár

Naomh Pádraig agus Naomh Bríd sna Flaithis 5
Cláracha Teilifíse 15
An Madra agus an Cat 25



# Naomh Pádraig agus Naomh Bríd sna Flaithis

Ray Mac Mánais

| | |
|---|---|
| **Carachtair** | Naomh Pádraig |
| | Naomh Bríd |


Tá fáilte romhat, a Phádraig,
A Phátrúin Inse Fáil,
A laoch thar laochra Éireann
A Naoimh, faoi chlú is faoi cháil.

Is fada muid ag fanacht
Insa chlochar seo faoi bhuairt
Le bomaite a bheith agat
A theacht anseo ar cuairt.



A Bhríd, a Naoimh, a chara mo chroí,
Ní fhanfaidh mé i bhfad;
Tá mé ag gabháil chuig cluiche peile
Le mo chairde móra ar fad:

Naomh Colm is Naomh Oilibhéar
Is Lorcán Naofa Ó Tuathail,
Cúchulainn agus Feardia
Agus Oisín is Fionn mac Cumhaill.



Gura fada uainn mar pheaca é
Tú a choinneáil ó do spórt –
Peil is galf is sacar fiú
Is cártaí is chuile shórt.

Is ní hiad sin is measa
De do nósanna nach binn.
Tá rásaí capall ann chomh maith
Agus ól … is stuif mar sin.








D'iarr tú orm teacht anseo
Chun cúrsaí eile a phlé.
Is cuma duit mo nósanna
Nó má théim rud beag ar strae.

Cúis imní dom na hÉireannaigh
Mo phobal dílis breá.
Go mbíonn siad faoi do thionchar
Is faoi chathú achan lá.

Arú, tóg go bog é, a Bhrídín,
Níl aon chúis imní ann.
Tá na Gaeil ag ól le fada an lá
Is ag cearrbhachas le fonn.

Tá fir na hÉireann uafásach
Is tú féin chomh ciontach leo –
Tusa agus Naomh Peadar,
An mbeidh ciall agaibh go deo?






Tráthnóna beag aréir arís
A chuaigh sibh amach
Is gan aon duine i mbun an gheata
Ní fios cé a thig isteach.

Naomh Peadar ba chúis leis sin;
A bhreithlá a bhí ann,
Is gheall mé dó go rachainn leis
Amach chuig rásaí con.



Tá mise agus na siúracha
Náirithe oíche is lá
Ach níl muid sásta beag ná mór
Cur suas leis mar atá.

Phléigh muid é agus phléigh muid é
Agus phléigh muid é mar scéal,
Cé againne ab fhearr sa phost
Mar phátrún ar na Gaeil.

Tá tú ag iarraidh mé a ruaigeadh?
Ní éireoidh leat, a Bhríd.
Má chuirtear é ag pobalbhreith
Is mise a thiocfas fríd.

Pobalbhreith ar bith, a stór!
Tá tú anois faoi ghlas.
Tá tú fuadaithe, a Phádraig,
Is níl bealach eile as
Ach preasagallamh a eagrú
Is é a rá os comhair an tsaoil
Gur mise, Bríd, do rogha naoimh
Mar phátrún ar na Gaeil.


Inis dom, a Bhrídín,
An fhírinne anois go glan:
Ba í a soilse Mary McAleese
A chuidigh leis an phlean?



Ón Uachtarán go cinnte
A d'fhoghlaim mé an cleas.
Chugamsa gach oíche
A bhíonn sí ag guí go fras.

Nach dtuigeann tú, a Phádraig
Go gcuidíonn mná le mná?
Bhuel, tuigeann tú anois, a mhic
Gur sin an saol mar atá.

Beidh Éire, faoi do phátrúnacht,
Gan spórt agus gan raic,
Gan troid, gan ól, go cráifeach ciúin;
Céad slán go deo le craic.



# Cláracha Teilifíse

Seán Ó Muimhneacháin

| | |
|---|---|
| **Carachtair** | Buachaill<br>Cailín |

Bhí clár teilifíse ann aréir;
Do chaitheas an oíche ag faire air.
Ní fhaca mé riamh a leithéid
Le sceon is uafás agus eagla.
Bhí púcaí agus taibhsí go leor,
Corpáin ag éirí ós na mairbh ann.
Bhí daoine ag sileadh na ndeor
Is bhí arrachtach gránna garbh ann.



Ní fhéachfainn ar chlár dá leithéid
Mar is duine saghas cúthalach faiteach mé.
B'fhearr liom drámaíocht nó bailé
Nó clár i dtaobh éadaí nuafhaiseanta.
Is breá liomsa cláracha ceoil,
Comhrá, díospóireacht nó agallamh,
Cartúin agus cláracha na n-óg
Agus clár dúlra maidin Dé Sathairn.



Tá na cláracha sin leamh go leor,
B’fhearr liomsa clár faoi ghadaithe,
Gardaí go dian ar a dtóir
Agus fiosrú á dhéanamh ag bleachtaire.
Buamaí ag pléascadh san aer,
Gunnaí go hard ag cnagarnaigh,
Uisce faoi thalamh is mistéir …
Do chuirfeadh sé an ghruaig ag seasamh ort.





Do chonac clár ceoil Dé Luain.
Bhí ceoltóirí óga ag seinm ann
Ar chláirseach is fidil is fliúit
Agus bodhrán ag coimeád na rithime.
Bhí a gcuid ceoil chomh binn
Gur thug sé dom ardú meanman.
Chuir sé mo chroí faoi dhraíocht;
Bhí spiorad agus cumhacht is anam ann.

Sin mar a bhraithimse féin
Faoi ghaiscígh pháirc na himeartha,
Sliotar go hard sa spéir
Nó an cúl a bhuaigh don fhoireann sin;
Spleodar is caint is gleo,
Sárimreoirí á moladh acu,
Captaen faoi ghradam is glóir
Is é ag ardú an choirn leis.



Tá cláracha spóirt ceart go leor
Go n-éiríonn imreoirí feargach.
Bíonn réiteach ansin ag réiteoir
Nuair a thugann dóibh cártaí dearga.
Ach rinceoir ag gluaiseacht ar chlár
Nó daoine ag scátáil go haclaí,
Is acu atá an tallann is fearr,
An bua agus an cheird is taitneamhaí.



Tá mias mór againn ar an díon
A thugann cainéal is daichead dúinn,
Cluichí ó chóngar is ó chian
Agus raidhse scannán thar farraige.
Tá cuid acu an-suimiúil,
Tá nuacht agus cúrsaí reatha ann,
Ach thar rud ar bith eile atá ar siúl
Is é an spórt ar ndóigh is fearr liom.



Bíodh agat cláracha spóirt,
Féachfadsa ar éadaí faiseanta.
Beadsa ag éisteacht le ceol
Agus tusa ar thóir na ngadaithe.
Tá an-éagsúlacht go deo
Sna seónna atá á dtaifeadadh,
Agus táimse buíoch ar ndóigh
Go bhfuil cláracha TG4 ann.



# An Madra agus an Cat

Traolach Ó Conghaile

| | |
|---|---|
| **Carachtair** | Madra<br>Cat |

‘Briseann an dúchas trí shúile an chait,’
A deirtear faoi nádúr an duine
M’anam gur fíor é faoi ‘Phuisín’ í féin
Is í caite i gcnap os comhair tine.

Is é do cheird is do chreideamh a bheith i gcónaí ag tafann
I ndiaidh gach carr a théann an bealach
Gan trácht ar an ngleo a chloistear sa chró
Nuair a leagann tú súil ar an ngealach!

Ní fhaca mé fós thú ag marú aon luch
Ní fhaca mé fuil ar do bhéal
Níl ionat dáiríre ach amadán críochnaithe
Ar nós Tom agus Jerry sa scéal.

Bíodh éad ort más maith leat is cuma liom féin
Ní mise a bheas ag déanamh aon ghaisce!
Ach ar thug tú faoi deara, nuair a bhí tú ag faire
Nár cheannaigh do mháistir aon ghaiste?

Téann tú féin is do chairde ag siúl gach uile oíche
Nuair ba cheart daoibh a bheith in bhur gcodladh
Ní ganntanas bia is cúis leis an turas
Ní uaimse a thiocfas aon mholadh!

Nach iad súile mo shinsir atá i gceartlár an bhóthair
Mar chúnamh do lucht taistil san oíche
Is ag leanúint d'eireabaill agus rothaí an chairr
A bheas tusa go brách agus choíche.

Má tá cara ar bith agat, cuirfidh mé geall leat
Gur cailleach í ar scuab Oíche Shamhna
Tá a fhios ag madraí an bhaile gur deise i bhfad é
A bheith ar an talamh ag seoladh na ngamhna.

Shílfeá nach raibh cara níos fearr ag aon bhuachaill ná fear
Ná an gadhar a bhíonn laistigh den gheata
Ach níor chuala mé fós go bhfuil sé mar nós,
Ag fear an phoist – madra – mar pheata!

Nach raibh Bran agus Sceolán in éineacht le Fionn
Nuair a d'imigh Oisín thar sáile le Niamh
Ní fear, bean ná cat a thuig cumha an athar
Ach an dá mhadra a sheas lena thaobh!

Bhí Pangur seo againne dílis chomh maith
Níor thréig sé an bráthair san oíche
Níor fhág sé an manach in uaigneas ag scríobh
Beidh cáil air riamh agus choíche!

Beidh mise ag tafann is tusa ag crónán
Ach is fearr liom an troid ná an t-uaigneas
Ach ó cheannaigh siad Bugsy an coinín beag bídeach
Ní raibh ag ceachtar againn sonas ná suaimhneas.

R4

Trí agallamh beirte atá spraíúil galánta spórtúil
– as trí cheantar Gaeltachta.

An Gúm

ISBN 978-1-85791-733-8

9 781857 917338